

Caibidil 4

Sheirbhís Ardchaighdeáin
do Chustaiméirí a
Sholáthar do Pháirtithe
Leasmhara Inmheánacha
agus Seachtracha

Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara seachtracha

Caighdeán um sheirbhís do chustaiméirí

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, bhí an Oifig fós tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar dá foireann féin agus do gach ball den phobal lena mbíonn sí ag déileáil. Tá an t-aiseolas agus seirbhísí um ghearáin fhoirmiúla, faoi mar a sholáthraítear ar shuíomh gréasáin na hOifige, lárnach don tiomantas sin.

Cairt Custaiméirí

Cuirtear sonraí ar an méid seo a leanas, i measc nithe eile, ar fáil sna Doiciméid um Chúram Custaiméirí na hOifige atá le fáil ar shuíomh gréasáin an OSFC:

- caighdeán seirbhíse na hOifige;
- na caighdeán a bhféadfadh custaiméirí a bheith ag súil leo ón Oifig;
- príomhphointí teagmhála; agus
- Foirm Aiseolais agus Gearáin do Chustaiméirí.

Ní bhfuarthas gearáin foirmiúla ar bith i rith na bliana 2018 faoi Nós Imeachta na hOifige do Ghearáin ó Chustaiméirí. Tá sé tábhachtach chun tabhairt le fios gurb ann dár Nós Imeachta do Ghearáin ó Chustaiméirí chun plé le meancóga, moilleanna, nó drochsheirbhís do chustaiméirí. Ní bhaineann sé le míshástacht le beartas, cinntí le hOifigigh agus cúrsaí eile a bhaineann le cásanna. Tionscnaítear an nós imeachta ach Foirm do Ghearáin ó Chustaiméirí a chomhlánú agus a thabhairt ar ais don Oifig, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an OSFC.

Cineál na bpríomhtheagmhálacha le páirtithe leasmhara

Áiríonn príomhtheagmhálacha⁴⁵ na hOifige le páirtithe leasmhara:

- treoir agus ábhar gaolmhar a sholáthar;
- gníomhaíochtaí for-rochtana;
- déileáil le fiosruithe agus le gearáin ó dhaoine den phobal;
- caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt; agus
- láithreán gréasáin/na meáin shóisialta.

Tugtar tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le (i), le (ii) agus le (iv) thuas, a thagann, den chuid is mó, faoi shainchúram an Aonaid Tathanta. Cé is moite de ghearáin, a bpléitear leo i gCaibidil 3, tugtar tuilleadh mionsonraí thíos ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le (iii) agus le (v) thuas, a thagann faoi shainchúram Ceannasaí um Fhorfheidhmiú freisin.

Fiosruithe poiblí

Soláthraíonn an Oifig, an méid atá indéanta, eolas ar ábhair dlí ba gcuideachtaí ginearálta do pháirtithe leasmhara.

D'fhonn tuilleadh cabhrach a thabhairt don lucht déanta fiosruithe, chuir an Oifig sraith Ceisteanna a Fiafraítear go Minic (CFManna), agus freagraí ar na ceisteanna sin, le chéile, agus tá na nithe seo ar fáil ar an láithreán gréasáin. Déantar athbhreithniú ar an rannán CFManna ar bhonn rialta, agus cuirtear nithe leis an méid is gá. I rith na bliana faoi athbhreithniú, athbhreithníodh agus nuashonraíodh rannóg na CFManna go cuimsitheach arís, chun na fiosruithe ba mhinice a fuarthas san Oifig a léiriú. Chomh maith le dul i gcomhairle leis an láithreán gréasáin, is féidir fiosruithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist faisnéise na hOifige (info@odce.ie), agus is féidir fiosruithe a dhéanamh ar an teileafón freisin.

⁴⁵ Is é sin seachas páirtithe a bhfuiltear i dteagmháil leo i gcás shainchúram forfheidhmithe na hOifige

⁴⁶ <http://www.odce.ie/ga-ie/cfm.aspx>

Cé go ndéileálann an Oifig le formhór na bhfiosruithe trí threoir na seirbhísí atá léirithe thuas, teastaíonn freagairt níos mionsonraithe agus níos breithnithe do roinnt fiosruithe agus déileálann an Oifig leis an iliomad fiosruithe gach bliain. Ní féidir leis an Oifig, áfach, comhairle dlí a sholáthar do dhaoine a ndéanann fiosrú maidir leis ach, i gcúinsí ina tugtar le tuiscint leis an gcineál fiosraithe gurb é sin mar atá sé, moltar do dhaoine a rinne an fiosrú gur cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg.

Láithreán gréasáin

Liostaítear i dTábla 19 thíos codanna an láithreáin ghréasáin a mheall an trácht is mó i rith na bliana atá faoi athbhreithniú. Ba é líon na gcuairteanna ar an suíomh gréasáin ina n-iomláine ó gléasanna soghluaiste díreach faoi 5,000.

Tábla 19 Na 5 chuid gréasáin a dtugadh an méid is mó cuairteanna orthu i 2018 - www.odce.ie

Cuid	Cuairt
Company Law & You (Béarla)	22,470
Prosecutions (Béarla)	18,280
About the ODCE (Béarla)	13,918
FAQs (Béarla)	11,318
Disqualifications (Béarla)	4,964

Trí thuilleadh mínithe a thabhairt, tugtar mionsonraithe sa Tábla thíos ar na 20 leathanach aonair ba mhó ar tugadh cuairt orthu (i.e., seachas na ranna) ar an suíomh gréasáin le linn na bliana (gan leathanach baile an tsuímh san áireamh). Faoi mar a bhí sé i mblianta roimhe seo, bhí roinn na gCeisteanna a Fiafraítear go Minic bainteach ar na leathanaigh ba mhó ar bhféachadh orthu. Ag cur leathanaigh na CFManna ar fad le chéile, mheall siad os cionn 11,000 cuairt le linn na bliana.

Tábla 20 Na 20 leathanaigh is mó a amharc orthu i - www.odce.ie

Leathanach	Cuairt
Publications (Béarla)	5,354
Information Books (Béarla)	5,179
About the ODCE (Béarla)	4,954
Company Law and You - Responsibilities of Directors and Secretaries (Béarla)	4,382
Company Law and You Section Page (Béarla)	3,818
Functions of the ODCE (Béarla)	3,411
Quick Guides (Béarla)	3,362
Company Law and You - Corporate Governance (Béarla)	2,714
The Role of the ODCE (Béarla)	2,634
Company Law Guidance (Béarla)	2,592
Contact Us (Béarla)	2,536
Court Decisions (Béarla)	2,292
FAQ Section Page (Béarla)	2,291
Prosecution Cases 2017 (Béarla)	1,945

Company Law and You - Directors and Secretaries Section Page (Béarla)	1,805
Media and Presentations (Béarla)	1,789
2017 Prosecution (Cás Sonrach) (Béarla)	1,659
Functions of the Director (Béarla)	1,537
Court Judgements Section Page (Béarla)	1,508
FAQ - Membership of a Company (Béarla)	1,497

Lena chois sin, baineadh leas as saoráid chuardaigh an tsuímh ghréasáin beagnach 4,000 uair le linn na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí thart ar 624 duine cláraithe chun fógraí suíomh gréasáin a fháil le ríomhphost. Soláthraíonn an Oifig leagan Gaeilge dá suíomh gréasáin chomh maith agus bhí thart ar 0.6% de thrácht an tsuímh ghréasáin chuig an leagan Gaeilge (www.osfc.ie), le thart ar 1,750 cuairt.

Rinneadh an tsaoráid chun chlárú chun nuachtlitreacha a fháil a athfhorbairt le saoráid a áireamh chun díchlárú, i gcomhlíonadh rialacha nua an RGCS, agus seoladh ríomhphost chuig gach cláraí lena gcur ar an eolas ar an tsaoráid nua.

Na meáin shóisialta

Lean an Oifig ar aghaidh le leas a bhaint as na meáin shóisialta chun a teachtaireacht a chur in iúl. Oibríonn an Oifig ar thrí ardán: Facebook, Twitter agus LinkedIn. Úsáidtear na meáin seo chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí tathanta agus forfheidhmithe na hOifige faoi seach agus chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn, agus chun eolas a thabhairt do leantóirí faoi fhorbairtí ar réimsí níos leithne dhlí na gcuideachtaí. Faoi dheireadh na bliana, bhí 2,013 leantóir meallta ag an Oifig ar fud na bhfóram éagsúil sin (2017: 1,833).

Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha

Oiliúint agus forbairt foirne

Tá Bainistíocht Feidhmíochta i gceist ar fud gach Roinne agus Oifige Rialtais agus cuireann an Oifig chun feidhme í gach bliain. Féachann sí lena chinntiú go bhfuil ról na mball foirne aonair soiléir agus go bhfuil siad ar aon dul le cuspóirí corparáideacha foriomlána, agus athbhreithniú agus bainistíocht feidhmíochta á n-éascú aici ag an am céanna. Ina theannta sin, nascann sí cláir oiliúna agus caiteachas na hOifige go díreach le ról gach baill foirne. A mhéid is indéanta, tacaíonn an Oifig baill foirne ina riachtanais oiliúint agus forbairt.

Cuireadh 97 lá oiliúna ar an iomlán (2016: 30) ar 44 comhalta foirne den Oifig i 2018 (2017: 156), lena n-áirítear:

- oiliúint a chuir acmhainní inti ar fáil – 56 lá, a bhain le 44 comhalta foirne; agus
- oiliúint a chuir an Roinn ar fáil – 41 lá, a bhain le 9 comhalta foirne.

Le linn 2018, chabhraigh an Oifig le baill foirne tabhairt faoin oiliúint agus faoin bhforbairt seo a leanas:

- Máistir Dlíthe (LL.M) i nDlí na hEorpa agus Gnóthaí Poiblí;
- Imeacht Oiliúna Chumann na gCuntasóirí Fóirínseacha Dlí-Fhorfheidhmithe – Europol;
- Tabhairt faoi Imscrúduithe Éifeachtacha Rialála;
- Ard-Diplóma sa Choireacht Chorparáideach, Bhóna Bháin agus Rialála (Óstaí an Rí);
- cuireadh oiliúint ar an bhfoireann go léir ar thabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí;
- riachtanais comhaltaí foirne cuntasáiochta FGL⁴⁷; agus
- riachtanais FGL na gcomhaltaí foirne aturnaí.

⁴⁷ Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán earnála poiblí arna bhunú le reacht

Ceisteanna Parlaiminte (“CP”)

Iarrtar ar an Oifig go rialta faisnéis/ábhar a chur ar fáil don Roinn chun cabhrú léi freagraí de chuid Airí a ullmhú ar CPanna ó Theachtaí. Ina theannta sin, bíonn an Oifig féin ina hábhar do CPanna ó Theachtaí ó am go chéile. Le linn na bliana, chuir an Oifig ábhar ar fáil mar fhreagra ar 67 CPanna (2017: 54).

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Déantar foráil san Acht um Íoc Pras Cuntas d’íocaíocht úis le soláthraithe nár íocadh a sonraisc faoi dháta forordaithe (de ghnáth 30 lá i ndiaidh an sonrasc a fháil). In ainneoin bheartas na hOifige chun gach sonrasc a íoc laistigh de na tráthchláir forordaithe, bhí sonrasc amháin taobh amuigh den achar ceadaithe, agus tabhaíodh dá thoradh Ús um Íoc Pras de €0.12, in éineacht le €40.00 do phionóis (2017: €205.03 agus €40.00 faoi seach).

Plean Gníomhaíochta Bainistíochta Riosca

I rith na bliana, rinne an OSFC athbhreithniú agus uasghrádú ar a plean bainistíochta riosca i gcomhairle leis an Roinn.

Saoráil Faisnéise (SF)

Tá an chuid is mó taifead na hOifige (i.e. gach taifead seachas taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige) díolmhaithe ón Acht SF. I rith na bliana 2018, rinneadh 9 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (2017: 14). Astu seo, déileáladh le 7 roimh dheireadh na bliana, ceann amháin á dheonú i bpáirt. Bhain na 6 iarratas eile le taifid nár clúdaíodh leis an Acht (de bhua na fíriche gur cruthaíodh iad agus/nó gur coinníodh iad de réir Achtanna na gCuideachtaí) agus de réir ár ndualgas reachtúil rúndachta maidir le taifid cásanna, diúltaíodh rochtain ar na taifid.

Mar a ceanglaítear reachtaíocht SA, foilsíodh dréacht Scéim Foilsithe SA na hOifige ar suíomh idirlíne na hOifige chomh maith le logáil de iarratais SF agus na cinní ar rinneadh orthu.

Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ghinearálta um Chosaint Sonraí

Rinneadh rialachán in-fheidhmithe den Rialachán Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) an 25 Bealtaine. Bronnann an reachtaíocht nua leibhéal fairsing de chosaint ar shaoránaigh i dtaca le príobháideacht agus úsáid a bhaint as sonraí pearsanta, agus deonaíonn sé cearta rochtana do shonraí pearsanta a coimeádann nó phróiseálann rialaitheoir sonraí. Tugadh srian isteach san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chomh maith, ar an gceart rochtana ar an bhfaisnéis faoi chúinsí áirithe, a fhad agus is gá agus is comhréireach é a shiarchoinneáil, ar aon dul le riachtanais rúndachta féin na hOifige (faoi mar a shainordaítear in alt 956 d’Acht na gCuideachtaí 2014).

Tá iarracht nach beag déanta ag an Oifig lena chinntiú go gcomhlíontar an Rialachán nua agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, anuas ar sheisiúin faisnéise a chur ar siúl chun go mbíonn an fhoireann go léir ar an eolas ar na hoibleagáidí nua.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, rinneadh trí iarraidh ar fhaisnéis leis an Oifig faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998-2003, agus rinneadh ceithre cinn sa bhreis faoin gcóras nua (an RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018). Fuarthas iarraidh bhreise ar fhaisnéis nach raibh sonraí pearsanta i gceist leis. Rinneadh breithniú ar na hiarrataí seo faoin reachtaíocht ábhartha agus rinneadh gach ceann, seachas ceann amháin, a phróiseáil go hiomlán faoi dheireadh na bliana.

Ghlac Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí le cás amháin a achomharc inar diúltaíodh taifid a sholáthar ón mbliain 2017 (i.e. sula raibh an RGCS i bhfeidhm); bhí an t-achomharc seo ar siúl ag deireadh na bliana.

Úsáid fuinnimh

Comhroinneann an Oifig a n-áitreabh le roinnt áitritheoirí eile, agus is ionann an chomhréir spáis a leithdháiltear don Oifig ná 45.62%, beagán níos lú ná leath den spás iomlán. Ar mhaithe le soilsíú agus trealamh oifige is ea thart ar leath den leictreachas go léir a úsáidtear, agus úsáidtear an fuilleach ar mhaithe leis an córas téamh agus aerchóiriú. Úsáidtear gás chun uisce a théamh a úsáidtear i gcóras téimh an fhoirgnimh.

B'ionann an úsáid gháis don bhliain agus 395,000 cileavatuair (kwh) (2017: 331,000 kwh), as a raibh an Oifig freagrach as thart ar 180,000 kwh. B'ionann an úsáid leictreachais agus 377,000 kwh (2017: 453,000 kwh), agus bhí an Oifig freagrach as thart ar 19,267,000 kwh.

I rith na bliana, lean an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh. Trí bheith rannpháirteach i "bhFoireann Ghlas" ina bhfuil ionadaithe d'áitritheoirí na fhoirgnimh, leanann an Oifig le tabhairt faoi thionscnaimh a cheapadh chun an úsáid fuinnimh a laghdú níos mó. Reáchtáladh dhá sheisiún faisnéise do bhaill foirne maidir le bealaí chun caitheamh fuinnimh agus plaisteach a laghdú sa bhaile agus sa láthair oibre i rith na bliana, leis an aidhm chun spreagadh a thabhairt don athrú iompraíochta maidir leis an gcomhshaol. Tá cairteacha úsáide fuinnimh don tréimhse idir 2016 agus 2018 leagtha amach thíos.


Bhronn an clár "Optimising Power @ Work" de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí dámhachtain ar an "Foireann Ghlas" i bhFeabhra 2018 agus ainmníodh é mar an mBuaiteoir Réigiúnach sa Chatagóir an Fhoireann Fuinnimh is Fearr don bhliain 2018 i ngeall ar a iarrachtaí chun an fhoireann a spreagadh chun nósanna coigilte fuinnimh a chothú.

Ba ionann an sprioc le haghaidh laghdú ar idiú fuinnimh in 2018 agus 5%. Is ionann an t-aschur le feidhmíocht fuinnimh laghdú 17% in úsáid leictreachais agus méadú 19% in úsáid gáis, arb ionann sin méadú foriomlán 10% i 2018 in aghaidh 2017, ar úsáid gáis den chuid is mó.


Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Rinne an Oifig dréachtú ar dhara Scéim faoin Acht i 2011 agus tá sí ag feitheamh ar chomhaontú an Choimisinéara Teanga i leith na Scéime sin. Idir an dá linn, tá an Scéim dheiridh i bhfeidhm go fóill, mar aon le ceanglais reachtúla an Achta. Dá bhrí sin, lean an Oifig ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann sí an tAcht agus a Scéim féin.

Úsáid Gáis



Úsáid Leictreachais



Aguisíní

Aguisín 1

Caiteachais Arna Chionroinnt i gcoinne Chaiteachas: 2016 – 2018

	2016		2017		2018	
	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s
Cionroinnt						
Deontas ón Stáchtiste	5,015		4,895		5,057	
Costais Dlí Eiseachtúil	50	5,065	50	4,945	50	5,107
Caiteachas						
Tuarastail	2,006.0		1976.1		2347.0	
Fógraíocht & Poiblíocht	25.7		31.6		34.8	
Áitreabh Oifige	320.5		415.3		297.2	
Costais Dlí	81.7		172.8		741.8	
Seirbhísí Sainchomhairle	50.0		196.2		3.9	
Ríomhraiseacht	176.6		120.0		116.0	
Priontáil	23.2		14.8		22.0	
Fochostais	12.0		7.4		51.3	
Taisteal & Cothabháil	15.8		19.3		14.3	
Teileachumarsáid	23.7		29.8		30.1	
Seirbhísí Postais / Teachtaire	14.7		12.5		12.6	
Trealamh Oifige & Fótócóipeáil	60.6		3.9		8.3	
Forbairt Acmhainne Daonna	17.0		14.5		22.2	
		2,728.6		3,014.2		3,701.5
Suim a géilleadh		2,337.4		1,930.8		1,405.5

Aguisín 2

Láithreoireachtaí Arna dTíolacadh ag Baili Foirne OSFC i Rith na Bliana 2018

Seo a leanas miondealú ar na catagóirí: -

Catagóir	Líon na láithreoireachtaí a tugadh	Lucht Féachana / Éisteachta
Institiúidí Tríú Leibhéal	9	300
Comhlachtaí Gairme (lena n-áirítear comhlachtaí Cuntasafochta, an Dí-Chumann agus An Garda Síochána)	10	600
Comhlachtaí Poiblí (lena n-áirítear Ranna & Gníomhaireachtaí Rialtais)	3	230

Taispeántais/Teagmhais ar ar Fhreastail Foireann OSFC – 2018

Ainm Teagmhais	Tionscnóir	Ionad Coinne
National Manufacturing & Supply Chain - Conference & Exhibition 2018	Premier Publishing & Events	Ionad Coinbhinsiúin – Iarthar na Cathrach Baile Átha Cliath
All Ireland Business Summit	Eventbrite	Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath
Comhdháil “Practice Matters” Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe	Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe	Óstán Carlton, Bhaile Bhlaínséir, Baile Átha Cliath
Essential Supports and Services for Entrepreneurs	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Leabharlann Ghnó Bhaile Átha Cliath, Ionad Ilac, Baile Átha Cliath
Kildare Summer Business Expo	Comhlachais Tráchtála Co. Chill Dara	Sheehy Motors, An Nás, Co. Cill Dara
Active Retirement Trade & Tourism Show	Guerin Media	Príomh-halla, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath
Retail Excellence Expo	Retail Excellence	Óstán Citywest, Teach Sagart, Baile Átha Cliath
Comhdháil Bhliantúil - Institute of Chartered Secretaries and Administrators	Institute of Chartered Secretaries and Administrators (ICSA)	Oibreacha Cló, Caislean Bhaile Átha Cliath
Comhdháil Bhliantúil - Comhlachas na nGnólachtaí Beaga	Comhlachas na nGnólachtaí Beaga	Ionad O'Brien, COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath
Comhdháil Bhliantúil Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe	Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe	Óstán Castleknock, Baile Átha Cliath
Grow SME – Conference and Exhibition	Premier Publishing & Events	Príomh-halla, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath
Food, Retail & Hospitality Expo Ireland 2018	Premier Publishing & Events	Ionad Coinbhinsiúin Iarthar na Cathrach, Teach Sagart, Baile Átha Cliath
Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta	Cumann Náisiúnta Treabhadh	An Screagán, An Tulaigh Mhóir, Co. Uíbh Fhailí
Becoming a Successful Entrepreneur	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Leabharlann Ghnó Bhaile Átha Cliath, Ionad Ilac, Baile Átha Cliath
Taking Care of Business – Exhibition & Conference	30 Comhlacht Poiblí	Óstán Radisson Blu, Luimneach
Essential Supports and Services for Entrepreneurs	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Leabharlann Ghnó Bhaile Átha Cliath, Ionad Ilac, Baile Átha Cliath
Comhdháil Bhliantúil - Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann	Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann	Óstán Citywest, Teach Sagart, Baile Átha Cliath

Aguisín 3

Tuarascáil de Réir Alt 22 den acht um Nochtadh Cosanta 2014

Le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, foráiltear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuarascáil é a bhaineann leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór go sonraítear an méid a leanas sa tuarascáil thuasluaite:

- i. líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí;
- ii. an gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin; agus
- iii. aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh de réir mar a bhféadfadh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe a iarraidh ó am go ham.

Tuarascálacaha a fuarthas le linn 2018

Le linn na bliana dar deireadh an 31 Nollaig 2018 fuair an OSFC 5 nochtadh cosanta.

An gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin

Tar éis scrúdú a dhéanamh orthu, cinneadh nár tháinig aon nochtadh faoi chuimisiú shainchúram na hOifige.

Aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh de réir mar a bhféadfadh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe a iarraidh ó am go ham.

Níl sé infheidhme.

Aguisín 4

Cásanna ina Ghlac Stiúrthóirí le Ghealltanais Srianadh Toiliú de Bhun Alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianata
494230	Active Learning and Languages Limited	Noone	Deirdre	21-MFó-18
494230	Active Learning and Languages Limited	Noone	Frank	21-MFó-18
396963	Airside Commercials Limited	Barrable	Peter	30-Mei-18
512084	Alyn Consulting Limited	Rose	Andrew	15-Nol-18
344495	Anne Rossi Limited	Rossi	Anne	20-Fea-18
344495	Anne Rossi Limited	Rossi	Kieran	20-Fea-18
488941	Ashley Park Commercials Limited	Teefey	Grace	20-Nol-18
488941	Ashley Park Commercials Limited	Teefey	Philip	20-Nol-18
267270	Avalon Security Services Limited	Cooper	Geraldine	12-Bea-18
267270	Avalon Security Services Limited	Cooper	Kevin	12-Bea-18
474143	Bayview Technologies Limited	O'Neill	Davitt	30-Sam-18
474143	Bayview Technologies Limited	O'Neill	Helen	30-Sam-18
496205	Black and White Construction Limited	Wiseman	Niall	20-Fea-18
327578	Brendeck Developments Limited	Kehoe	Declan	22-Nol-18
327578	Brendeck Developments Limited	Kehoe	Brendan	26-Nol-18
528221	Camper Man Limited	McGinn	Darragh	13-Nol-18
528221	Camper Man Limited	McGinn	Susan	13-Nol-18
256705	Carroll Freight Tullow Limited	Carroll	Ailbe	11-Bea-18
256705	Carroll Freight Tullow Limited	Carroll	Conor	11-Bea-18
424759	CG IT Solutions Limited	Gribbin	Conor	21-Nol-18
424759	CG IT Solutions Limited	Gribbin	Grainne	21-Nol-18
364183	Charem Limited	Kane	Eugene	20-Sam-18
364183	Charem Limited	Kane	Seamus	20-Sam-18
341140	Children to Lapland Appeal Limited	Murphy	John Cornelius	04-Már-18
446221	Citywest Hire Limited	Stokes	Jeffrey	31-DFó-18
446221	Citywest Hire Limited	Casari	Giorgio	31-DFó-18
390412	Cleo Foods Limited	Chambers	Jeanne	20-Lúil-18
390412	Cleo Foods Limited	Murtagh	Bernard	17-Lún-18
507878	Comlee Limited	Doyle	Ann	21-Sam-18
507878	Comlee Limited	Doyle	Declan	21-Sam-18
536626	Constaletion Limited	Lannou	Herve	29-Sam-18
536626	Constaletion Limited	Lannou	Pierre	29-Sam-18
484189	Corduff Builders Limited	Marron	Christopher	16-Fea-18
484189	Corduff Builders Limited	Marron	Mary	16-Fea-18
416460	Digiwatch Limited	O'Beirne	Declan	28-Sam-18

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
416460	Digiwatch Limited	Stapleton	Paul	28-Sam-18
500530	Dimension Media IT Limited	Gallagher	Ian	21-MFó-18
500530	Dimension Media IT Limited	Gallagher	Ann	21-MFó-18
417648	Domenora Limited	Morelli	Domenico	05-DFó-18
417648	Domenora Limited	Morelli	Vincent	05-DFó-18
417019	Dunvale Fabrications Limited	Crahan	Josephine	04-Ean-18
417019	Dunvale Fabrications Limited	Crahan	Noel	04-Ean-18
510699	Eazy Dealz Ltd	Conway	Peter	17-Aib-18
510699	Eazy Dealz Ltd	Lowe	Garry	18-Aib-18
455230	Eclipse Media Limited	Doyle	Colin	04-Nol-18
516187	Expert Safety Limited	Lennon	Seamus	20-Fea-18
516187	Expert Safety Limited	Murphy	Colette	20-Fea-18
304842	Fergal Murray Car Sales Limited	Murray	Fergal	16-Lún-18
230425	Hansa Steel Limited	Wall	Eamonn	26-Bea-18
230425	Hansa Steel Limited	Wall	Liam	26-Bea-18
495308	IBI International Bureau of Intelligence Limited	Richardson	Elaine	13-Nol-18
495308	IBI International Bureau of Intelligence Limited	Buckley	Martin	21-Nol-18
536979	Interactive Languages Limited	Noone	Frank	21-MFó-18
536979	Interactive Languages Limited	Noone	Deirdre	21-MFó-18
501523	Irish Education, Business and Research Institute Limited	Clerly	Elizabeth	30-Sam-18
455589	John Abbott Holdings Limited	Abbott	John	25-MFó-18
455589	John Abbott Holdings Limited	Abbott	Sinead	25-MFó-18
474709	John J. O'Connell Architects Limited	McCabe	Colin	04-Iúil-18
474709	John J. O'Connell Architects Limited	O'Connell	John	04-Iúil-18
416399	L F Fire Alarms Limited	Byrne	Fergal	10-Aib-18
416399	L F Fire Alarms Limited	Byrne	Louise	10-Aib-18
271430	Lodgewood Engineering Limited	Plummer	Margaret	17-Aib-18
271430	Lodgewood Engineering Limited	Plummer	William	17-Aib-18
142281	Loftus Civil Engineering Limited	Loftus	Hilary	30-Mei-18
516955	M.K. Lyons Electrical Limited	Lyons	Cormac	21-MFó-18
245141	Michael O'Donovan & Son Limited	O' Donovan	Michael	14-Aib-18
245141	Michael O'Donovan & Son Limited	O' Donovan	Marian	14-Aib-18
28793	Midland Web Printing Limited	Fanning	Shelia	06-Iúil-18
126340	Milltown Engineering Limited	Murphy	Stephen	21-Sam-18
126340	Milltown Engineering Limited	Murphy	Margaret	21-Sam-18
516714	Minerve Limited	Coffey	John	10-Iúil-18
516714	Minerve Limited	Coffey	Karla	10-Iúil-18
516955	MK Lyons Electrical Limited	Lyons	Carmel	21-MFó-18
385034	MSM Engineering & Electrical Limited	Moynihan	Brendan	17-Aib-18

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
385034	MSM Engineering & Electrical Limited	Spillane	Dominic	10-Bea-18
487978	Mudan Limited	Quinn	Francis Fintan	11-Lún-18
487978	Mudan Limited	Quinn	Fintan John	22-Lún-18
374949	Oxcon Consultancy Limited	Mattimoe	Ciaran	12-Iúil-18
404539	P & B Security Services Limited	McMahon	Stephen	22-Lún-18
404539	P & B Security Services Limited	Petkov	Petar	22-Lún-18
491312	PCL Logistics Limited	Garry	Prendiville	30-Sam-18
491312	PCL Logistics Limited	Gearoid	Prendiville	30-Sam-18
412640	Paidi O'Shea Construction Limited	O'Shea	Margaret	04-Nol-18
412640	Paidi O'Shea Construction Limited	O'Shea	Padraig	04-Nol-18
515103	Quay Entertainment Limited	O'Mahony	John	04-DFó-18
94458	Raymond Barror & Company Limited	Cleary	Angela	11-Nol-18
94458	Raymond Barror & Company Limited	Cleary	Keith	11-Nol-18
553098	Rooftop Caterers Limited	Maher	Claire	21-Nol-18
553098	Rooftop Caterers Limited	Maher	Emmet	21-Nol-18
505223	Royal AH Management Limited	Mahon	Joseph	22-Mei-18
505223	Royal AH Management Limited	Mahon	Brigid	22-Mei-18
365805	Ruby Builders Contractors Limited	Cuttle	Mary	17-DFó-18
365805	Ruby Builders Contractors Limited	Cuttle	Patrick	17-DFó-18
480355	Rumson Electrical Contractors Limited	Jones	Gareth	11-Aib-18
480355	Rumson Electrical Contractors Limited	McDermott	Karen	11-Aib-18
511457	Sasta Fitness Franchise Limited	Egan	Fiona	22-Ean-18
172711	Sawgrass Properties Limited	Moreton	Fiona	22-Mei-18
172711	Sawgrass Properties Limited	Moreton	John	22-Mei-18
316152	Schiele and McDonald Mushrooms Limited	McDonald	Siggi	29-Mei-18
316152	Schiele and McDonald Mushrooms Limited	McDonald	James Peter	15-Lún-18
238089	Sheffs Limited	Kavanagh	Chris	22-Nol-18
584429	SM Components Limited	Johnston	Terence	12-Bea-18
584429	SM Components Limited	Hanna	Seamus Francis	17-Bea-18
392489	Somes Reb Limited	Bodiu	Aurica	22-Ean-18
392489	Somes Reb Limited	Bodiu	Dumitru	22-Ean-18
217673	Springmanor Limited	Casari	Giorgio	31-DFó-18
217673	Springmanor Limited	Stokes	Jeffrey	31-DFó-18
304944	Stable Diet Limited	Carroll	Katherine	25-Nol-18
304944	Stable Diet Limited	Power	Vincent	25-Nol-18
445546	Swifthorn Limited	Corkery	Finbarr	07-Nol-18
467843	Tandol Limited	Dunne	Kevin	20-Fea-18
467843	Tandol Limited	Maguire	Philip	20-Fea-18
435767	Tecafin Irish Pacific Trading Ltd	Jacques	Stephane	28-Lún-18
379809	The Living Room Limited	Magee	Michael	16-Lún-18

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
282124	Torvey Developments Limited	Brosnan	David	22-Bea-18
282124	Torvey Developments Limited	Duffy	Ruth	22-Bea-18
282124	Torvey Developments Limited	Cumiskey	Robert	22-Mei-18
118695	Transport Service (Ballyvolane) Limited	Loftus	John	30-Sam-18
118695	Transport Service (Ballyvolane) Limited	O'Shea	Noelle	30-Sam-18
118695	Transport Service (Ballyvolane) Limited	O'Shea	Liam	30-Sam-18
533899	Value City Limited	Weiliang	Chen	24-Iúil-18
509270	Venue Angel Limited	Pollard	Erwin	11-Iúil-18
463967	Vino Classico Limited	Casari	Giorgio	31-DFó-18
463967	Vino Classico Limited	Bang-Stokes	Pia	31-DFó-18
296634	Wall Manufacturing Limited	Wall	Eamonn	26-Bea-18
296634	Wall Manufacturing Limited	Wall	Liam	26-Bea-18
487796	Wamik Holdings Limited	Ward	Griffin	14-Lún-18

Cásanna ina Rinne an Ard-Chúirt Dearbhuithe Srianadh de Bhun Alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
357108	Bcon Communications Limited	Batt	Alan	15-Ean-18
120415	Bernard O'Mahony Carrigaline Limited	O'Mahony	Bernard	22-Ean-18
120415	Bernard O'Mahony Carrigaline Limited	O'Mahony	Tony	22-Ean-18
120415	Bernard O'Mahony Carrigaline Limited	O'Mahony	Mary	22-Ean-18
563484	Buckle Up Limited	Gilroy	Katie	09-Iúil-18
493144	Cuplus Card Services Limited	Dowling	Margaret	26-Fea-18
489475	Cuplus Technologies Limited	Dowling	Margaret	26-Fea-18
524182	DNR Leisure Limited	Sheilds	David	18-Mei-18
524182	DNR Leisure Limited	Sheilds	Ruth-Ann	18-Mei-18
234806	Electrotech Distributors Limited	O'Neill	Charlotte	22-DFó-18
370493	Godfather's Pizza Leeson Street Limited	Cronin	John	12-Fea-18
370493	Godfather's Pizza Leeson Street Limited	Cronin	Patrick	12-Fea-18
102182	Green With Envy Limited	Egan	Graham	05-Már-18
319747	Latzio Scaffolding Limited	McElwain	Eamonn	15-Bea-18
319747	Latzio Scaffolding Limited	McElwain	Padraig	15-Bea-18
226563	Lifquest Limited	Burke	Mark	27-Sam-18
490304	Paintridge Limited	Byrne	Paula	05-Sam-18
490304	Paintridge Limited	Fleming	Paul	05-Sam-18
192035	Salmoncita Enterprises Limited	Wrafter	Danielle	12-Már-18
192035	Salmoncita Enterprises Limited	Wrafter	Leigh	12-Már-18
192035	Salmoncita Enterprises Limited	Wrafter	John	12-Már-18
38591	Whelan's Limestone Quarries Limited	Whelan	Patrick	26-Fea-18
38591	Whelan's Limestone Quarries Limited	Whelan	Enda	26-Fea-18

Aguisín 5

Cásanna ina Ghlac Stiúrthóirí le Ghealltanais Dícháilithe Toiliú de Bhun Alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014


Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dícaillithe Ó	Dícaillithe go dtí
387091	All Style Regency Windows Limited	O'Brien	David	31-Iúil -18	31-Ean-21
387091	All Style Regency Windows Limited	O'Brien	Philip	31-Iúil -18	31-Ean-21
493144	Cuplus Card Services Limited	Dowling	Joseph	26-Már-18	25-Már-24
489475	Cuplus Technologies Limited	Dowling	Joseph	26-Már-18	25-Már-24
234806	Electrotech Distributors Limited	O'Neill	Pierce	22-DFó-18	21-DFó-23
268730	Kilroe Developments Limited	Joyce	Peter	09-Iúil-18	08-Iúil-21
268730	Kilroe Developments Limited	Victory	Paul	09-Iúil-18	08-Iúil -21

Cásanna ina Rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháilithe de Bhun Alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dícaillithe Ó	Dícaillithe go dtí
491746	Curteust Limited	Curtin	Patrick	17-Sam-18	16-Sam-23
461367	Precision Timing Limited	Wade	David	30-Mei-18	29-Mei-23
354899	Cappawhite Plant Hire Limited	Barry	William	21-Nol-18	20-Nol-23

Gluais

Acht	Acht na gCuideachtaí 2014
Acht GÉCS	Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sóchmhainní
Aire	An Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
ÁSG	Árachas Slánaíochta Gairmiúla
BNGSCE	Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch
CAC	Comhlacht Aitheanta Cuntasóireachta
CBL	Cáin Bhreisluacha
CCFDF	Cumann na gCuntasóirí Fóiréinseacha Dlí-Fhorfheidhmithe
CFG	Comhlacht Forordaithe Gairmiúil
CFManna	Ceisteanna a Fiafraítear go Minic (Ceisteanna Coitianta)
CGB	Cruinniú Ginearálta Bliantúil
CIRD	Comhlachas Idirnáisiúnta na Rialtóirí Dócmhainneachta
CL	Coibhéis Lánaimseartha
Clár	Clár na gCuideachtaí a choimeádann an OCC
CP	Ceist Pharlaiminte
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
GADC	An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta
GÉCS	Gléas Éireannach um Chomhbhainistiú Sóchmhainní
IR	Ionstraim Reachtúil
OCC	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
Oireachtas	Téarma comhchoiteann do Theach Uachtarach agus do Theach Íochtarach na Parlaiminte
OSFC/Oifig	Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Roinn	An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
SF	Saoráil Faisnéise
SIP	An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí
Stiúirthóir	An Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
ÚMICÉ	Údarás Maoirseachta Iniúchta & Cuntasaíochta na hÉireann



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1

Guthán: 01 858 5800

Íosghlao: 1890 315 015

Facs: 01 858 5801

Ríomhphoist: info@odce.ie

Suíomh Gréasán: www.osfc.ie

T: @odce